‘A Star is Byrne’

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi chlár nua TG4. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

iomaitheoirí	clár faisnéise	glór breá láidir
thaifead sí	babhta ceannais	éisteacht
faiteach	misneach	moltóirí

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad a bhuaigh Mary Byrne dhá bhliain ó shin?
2. Cén fáth a bhfuil clú agus cáil uirthi anois?
3. Cad as do Mary agus cá bhfuil sí ag obair?
4. Cad é an chéad taifead a rinne sí?
5. Cé mhéad clár a bhí sa tsraith *Nollaig No.1*?
6. Cé a bheidh faoi agallamh sa chlár faoi Mary Byrne?

Ceist 3 ‘…*imníoch*...’ agus ‘…*faiteach*...’

(a) An féidir leat féin agus an duine in aice leat na tréithe i gcolún A a cheangal leis na tréithe a bhfuil malairt brí acu i gcolún B. Tá dhá shampla déanta.

1. misniúil	a. brónach
2. féinmhuiníneach	b. sotalach
3. sásta	c. faiteach
4. gealgháireach	d. mímhúinte
5. uaillmhianach	e. gruama
6. flaithiúil	f. leisciúil
7. séimh	g. leithleach
8. múinte	h. imníoch
9. umhal	i. crosta

1	2	3	4	5	6	7	8	9
h	c							

(b) Pléigh na tréithe ón liosta thuas atá agat féin leis an duine in aice leat.

Ceist 4 '…*Ise*…'

(a) Déan iarracht an fhoirm threise de na forainmneacha a cheangal leis an fhorainm cuí.

mé	*muidne / sinne*
tú	*mise*
sé / é	*siadsan* / *iadsan*
sí / í	*tusa*
muid	*sise* / *ise*
sibh	*sibhse*
siad /iad	*seisean / eisean*

(b) An féidir leat abairtí a chumadh leis an fhoirm threise a léiriú?

Ceist 5 An dtuigeann tú na focail seo anois? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

- iomaitheoirí
- clár faisnéise
- glór breá láidir
- thaifead sí
- babhta ceannais
- éisteacht
- moltóirí

Ceist 6 Pléigh na cineálacha clár seo thíos leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa. Cén cur amach atá agat ar na cláir seo? An dtaitníonn siad leat? Cén fáth? An bhfuil aon chineál cláir eile a bhfuil dúil agat ann nach bhfuil ar an liosta seo?

clár grinn
clár cócaireachta
clár dúlra
clár díospóireachta
clár cainte

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

iomaitheoirí – *competitors*
clár faisnéise – *documentary*
glór breá láidir – *a good strong voice*
thaifead sí – *she recorded*
babhta ceannais – *final*
éisteacht – *audition*
faiteach – *shy*
misneach – *courage*
moltóirí – adjudicators

Ceist 2
1. Dhá bhliain ó shin fuair Mary Byrne an chéad áit ar an gclár ceoil *Nollaig No.1* ar TG4.
2. Is duine de na hiomaitheoirí sa gclár *X Factor* í.
3. Is as Baile Formaid, Baile Átha Cliath di agus tá sí ag obair le *Tesco Ireland*.
4. Ba é an chéad singil a d'eisigh sí ná 'Siúil leat' – leagan dátheangach den amhrán 'You'll never walk alone'.
5. Ocht gclár.
6. Beidh moltóirí an chláir *Nollaig No.1*, a clann agus a cairde faoi agallamh sa chlár.

Ceist 3
(a)

1	2	3	4	5	6	7	8	9
h	c	a	e	f	g	i	d	b

(b) Ceacht cainte é seo.

Ceist 4
(a)

mé	*mise*
tú	*tusa*
sé / é	*seisean / eisean*
sí / í	*sise* / *ise*
muid	*muidne / sinne*
sibh	*sibhse*
siad /iad	*siadsan* / *iadsan*

(b) Iarr ar na foghlaimeoirí na forainmneacha a chur in abairtí.

Ceist 5
Iarr orthu na focail a chur in abairtí.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola

Dhá bhliain ó shin fuair Mary Byrne, an bhean as Baile Átha Cliath atá ar dhuine de na hiomaitheoirí sa gclár *X Factor*, an chéad áit ar an gclár ceoil *Nollaig No.1* ar TG4. Tá an stáisiún anois le clár faisnéise speisialta 'A Star is Byrne – Scéal Mary Byrne' a chraoladh an mhí seo chugainn agus ar an gclár beidh ábhair nach bhfacthas riamh cheana.

Eibhlín Ní Choistealbha

Mary Byrne, bean as Baile Átha Cliath a bhfuil glór breá láidir aici. Aithníonn an-chuid daoine í anois ón gclár *X Factor* ach bhain Mary, oibrí Tesco as Baile Formaid, cáil amach roimhe seo nuair a bhuaigh sí an chéad áit ar an gclár ceoil *Nollaig No.1* ar TG4, dhá mhíle is a hocht.

'Chuir tú do chroí agus d'anam isteach sa gcur i láthair sin.'

Mar thoradh, thaifead sí a céad singil 'Siúil leat' – leagan dátheangach[i] den amhrán 'You'll never walk alone'. Anois tá TG4 le clár faisnéise 'A Star is Byrne – Scéal Mary Byrne' a chraoladh, clár a bheas faoi na himeachtaí a bhain di go dtí gur bhuaigh sí babhta ceannais *Nollaig No.1*.

Máire Ní Chonláin, Eagarthóir Coimisiúnaithe

Ocht gclár ar fad a bhí sa tsraith[ii] ina raibh sí ann, sa bhliain 2008. Tá go leor píosaí breise nach bhfacthas riamh cheana. Ise, fiú amháin, ag teacht isteach don chéad uair riamh, í chomh imníoch, chomh faiteach, ag teacht isteach an doras don chéad éisteacht a rinne[iii] sí riamh cheana. Feicfidh tú an dul chun cinn a rinne sí, feicfidh tú na hamhráin agus feicfidh tú an misneach a thug an tsraith seo di.

Eibhlín Ní Choistealbha

Beidh agallaimh le moltóirí *Nollaig No.1*, le clann agus le cairde Mary ar 'A Star is Byrne – Scéal Mary Byrne' a chraolfar ar TG4, ar an naoú lá de mhí na Nollag. Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

[i] *leagan dhátheangach* a deirtear
[ii] *an sraith* a deirtear
[iii] *a ndearna sí* a deirtear